nemeton_irish 18/01/2008 16:29 Page 1

Waterford Institute *of* Technology
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

Árd Dioplóma sna hEalaíona í Léiriú Teilifíse

Higher Diploma in Arts in Television Production

Dhein WIT agus Nemeton forbairt ar an gcúrsa uathúil leibhéal 8 seo chun céimithe a chuir ar fáil go mbeadh sé ar a gcumas dul díreach isteach i dtionscal na teilifíse. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa na scileanna riachtanacha a mhúineadh do dhaoine ón gceantar chun go dtógfaidh siad tús áite sa tionscal sna blianta romhainn amach.

Nemeton Léiritheoirí Teilifíse

Údarás na Gaeltachta

www.wit.ie

nemeton_irish 18/01/2008 16:29 Page 2

Ard - Diplóma sna hEalaíona í Léiriú Teilifíse

Aidhmeanna an Chúrsa

Cuirfidh an cúrsa seo deis ar fáil do scoláirí chun díriú isteach ar stiúrú agus eagarthóireacht don dteilifís - dhá ghné tábhachtacha den dtionscal ina dtagann na talainn cruthaitheacha, teicniúla agus físe lena chéile. 'Sí aidhm' an chúrsa, dá bhrí sin, ná céimithe a chur ar fáil sna réimsí seo, réimsí atá riachtanach don dtionscal chun leanúint ag fás.

Cuirfidh an cúrsa seo deis ar fáil do na scoláirí obair i bhfíor-thimpeallacht teilifíse agus faoi dheireadh an chúrsa beidh clár teilifíse déanta ag gach scoláire mar stiúrthóir nó mar eagarthóir. Beidh na cláracha seo ar chaighdeán craolta de réir na critéir atá leagtha síos ag TG4 agus RTÉ.

Múinfear an cúrsa tré mheán na Gaeilge, rud a chuirfidh le scileanna teanga na scoláirí. Déanfar é seo tré iad a thumadh i dtimpeallacht oibre as Gaeilge.

Beidh an cúrsa seo bunaithe ar obair phraicticiúil agus díreofar ar shraith tograí a bhaineann go díreach le ceirdanna na stiúrthóireachta agus na heagarthóireachta. Dá thoradh seo beidh saothar cruthaitheach comhlíonta ag gach scolaire faoi stiúir an oiliúnóra. Beidh an saothar seo léirithe acu féin agus tabharfar teistiméireacht ar seo. Dá bhrí sin, beidh obair thaighdeoireachta ag baint leis an gcúrsa chomh maith. Glacfar leis go mbeidh iarrthóirí don gcúrsa seo féin-spreagtha.

Deiseanna Fostaíochta

Tá fás leanúnach faoi thionscal chlosamharc na hÉireann. Faoi láthair, tá ganntanas stiúrthóirí agus eagarthóirí san earnáil. Beidh céimithe an chúrsa seo oilte go dtín leibhéal a thabharfaidh díreach isteach iad i dtionscal atá ag borradh le cruthaitheacht agus deiseanna fostaíochta, áit a mbeidh luach ard ar a gcuid scileanna.

Ábhar an Chúrsa

Cúrsa lán-aimseartha bliana atá i gceist. Freastalófar ar ranganna (a bheidh go hiomlán as Gaeilge) i gceannáras Nemeton sa Rinn agus i WIT.

Beidh struchtúr an chúrsa bunaithe go díreach ar thimpellacht léirithe teilifíse. Dá bhrí sin, beidh modúil ar réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú, mar a bhíonn i ndéanamh cláracha teilifíse.

Clúdóidh an cúrsa na hábhair seo a leanas:

Réamhléiriú

- Forbairt smaointe
- Buiséadaí agus pitseáil
- Margaíocht
- Eilimintí teoiriciúla agus cultúrtha

Léiriú

- Stiúrú
- Timpeallacht ilcheamara
- Bainistíocht léirithe

Iarléiriú

- Eagarthóireacht
- Gnéithe gnó agus dlí

Nemeton

Bunaíodh Nemeton i 1993. Ó shin, tá an comhlacht tar éis fás ó fhostaí amháin go dtí 50. Tá sé lonnaithe i nGaeltacht na nDéise, sa Rinn. Tá gradaim rialta bainte amach ag Nemeton mar aitheantas ar fheabhas an ghnó agus caighdeán na gcláracha a léirítear. 'Siad na cláracha is mó aithne a léiríonn Nemeton ná: GAA Beo, GAA 2006, Sacar Beo, Laochra Gael, Trom go Trim do TG4 agus Health Squad do RTÉ1.

Riachtanaisí Iontrála

- Cáilíocht leibhéal 7 nó níos airde.
- Gaeilge ag leibhéal tuisceana agus comhrá.
- Déanfar iarrataisí go WIT agus roghnófar iarrthóirí d'agallamh

Glacfar le hiarrataisí ó dhaoine gan na cáilíochtaí thuasluaite, ach go bhfuil taithí oibre acu sa tionscal agus an cumas cuí Gaeilge. Déanfar measúnú ar iarrataisí mar seo ó chás go cás.

D'fhéadfaí go molfaí d'iarrthóirí áirithe cúrsa Gaeilge a ghlacadh chun a gcuid scileanna teanga a fheabhsú, ach na cáilíochtaí eile a bheith acu.

Eolas Breise

Gach eolas ar an gcúrsa agus foirmeacha iarratais ar fáil ó:

Tríona Uí Bhroin
Nemeton, An Rinn, Co. Phortláirge
Ph. 058-46499
e-phost: triona@nemeton.ie

www.wit.ie